

An Scéim:  
An Gúm 1926-2016

Cnuasach Aistí

Máirtín Coilféir  
a chuir in eagar

 AN GÚM  
Baile Átha Cliath

© Foras na Gaeilge agus na húdair, 2020

Dearadh agus leagan amach: Máirtín Coilféir  
Clúdach: Muiris Ó Raghallaigh

Spectrum a chlóbhuail in Éirinn

ISBN 978-1-85791-965-3

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thairfeadh nó eile gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Gabhaimid buíochas le Comhlacht Ionadaíoch na hEaglaise, Eaglais na hÉireann agus le David Lawrence as cead a thabhairt an íomhá den fhuinneog dhaite le Austin Molloy ar leathanach 99 a úsáid.

*Foilseacháin an Ghúim a cheannach*

Siopaí

*An Siopa Leabhar (01) 478 3814*

*An Siopa Gaeilge (074) 973 0500*

*An Ceathrú Póilí (028) 90 322 811*

Ar líne

[www.litriocht.com](http://www.litriocht.com)

[www.siopagaeilge.ie](http://www.siopagaeilge.ie)

[www.siopaleabhar.com](http://www.siopaleabhar.com)

[www.siopa.ie](http://www.siopa.ie)

[www.cic.ie](http://www.cic.ie)

[www.iesltd.ie](http://www.iesltd.ie)

**An Gúm, Foras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1.**

# Ag Aistriú chun Foghlama

## Antain Mag Shamhráin

**T**hiar sa bhliain 1991, ina leabhar *Seán Ó Ruadháin: Saol agus Saothar*, tharraing Máirtín Mac Niocláis ár n-aird ar shaothar an scoláire Itamar Even-Zohar as Tel Aviv, agus ar an bhealach a gcuireann sé ról na litríochta agus an aistriúcháin i bhfócas mar ghnéithe de chóras cultúir (1991: 115-18). Saothar mionchúiseach teibí é saothar Even-Zohar ach, bíodh is go bhfuil sé casta go leor, níl sé gan a bheith soléite ag an am chéanna (féach suíomh gréasáin Even-Zohar ag <http://www.tau.ac.il/~itamarez/>). Is minic Even-Zohar ag cur síos ar an chás choiteann seachas ar shamplaí ná ar eiseamláirí ar leith ina shaothar. Thabharfá an leabhar corruair agus tú ag léamh cuid dá chuid alt gur ag scríobh faoi ionad an aistriúcháin i saol agus i litríocht na Gaeilge in iarracht na hAthbheochana a bhí sé, agus faoi thionscadal aistriúcháin an Ghúim i bhfichidí agus i dtríochaidí na haoise seo caite go háirithe. Is é rud atá ann ina áit sin, áfach, nach fios diamhair atá aige ar chás na Gaeilge ach go bhfreagraíonn cás na Gaeilge agus cás an Ghúim beagnach go huile agus go hiomlán don chás choiteann mar a chuireann Even-Zohar síos air.

Níl sé i gceist agam féachaint le cur síos anseo ar smaointeoireacht Even-Zohar ach sa mhéid go gcuíonn sé le scéal an Ghúim agus an aistriúcháin a chur i bhfócas. Tá scéal an Ghúim níos fairsinge ná scéal an aistriúcháin, ar ndóigh, ach ina dhiaidh sin ba dhoiligh an Gúm agus an t-aistriúchán a scaradh ó chéile ós ar scéim aistriúcháin na mblianta tosaigh is mó

a thabhaigh an Gúm a chlú in aigne na coitiantachta, bíodh daoine á mholadh nó á cháineadh. Tá carlann an Ghúim oscailte do scoláirí ó bhí ochtóidí na haoise seo caite ann, ar bhealach amháin nó ar bhealach eile, agus tá earraíocht bainte aisti ag dornán maith daoine faoin am seo. Tá teacht anois ar fhíríci staire atá ar taifead sna cáipéisí riaracháin, rud a chuireann ar ár gcumas cuntais a scríobh nach bhfuil ag brath go hiomlán ar an tuairimíocht bhreac impriseanaíoch ná ar an seanchas bhéadánach. Tá níos mó ná fíríci staire de dhíth le scéal an Ghúim a insint, áfach. Má táimid lena gceart a thabhairt don dream a shaothraigh sa Ghúm, agus don dream a shaothraigh don Ghúm, in imeacht na mblianta, agus má táimid le tairbhe a bhaint as an stair sin, caithfidimid réiteach tuisceanach intleachtach a dhéanamh dúinn féin agus an talamh a rómhramid anois a shaothrú in imeacht na mblianta.

Ach oiread leis an litríocht, ní mhúineann fíríci staire iontu féin mórán dúinn. Is sa léitheoireacht, san iomrascáil leis an bhundamhna, agus san idirmhíniú atá an múineadh; san anailís ar an méid atá ar eolas agus sa fhráma intleachtach a dhealbhaítear leis na tuiscintí a bhaintear amach de thoradh na hanailíse. Bíonn toradh na hanailíse ag brath cuid mhór i dtólamh ar na tuiscintí a thugann an t-anailíseoir leis ionsar a ábhar staidéir mar ní féidir an bundamhna a thairbhe gan uirlisí intleachtacha a bheith againn cheana le ciall a bhfeicimid sna fíríci staire a chur ar ár súile dúinn mar phointe tosaigh. Thabharfadh saothar Even-Zohar pointe tosaigh dá leithéid dúinn, mar a d'aithin Mac Niocláis, agus dhéanfadh scéal an Ghúim saothar Even-Zohar a phromhadh ar a sheal chomh maith céanna. Ní hionann glacadh le pointe tosaigh agus cloí leis sin mar phointe deiridh.

I bhfoirmiúlachas na Rúise atá saothar Even-Zohar fréamhaithe agus is é a chuir sé roimhe uirlisí teoiriciúla agus modheolaíocht taighde a fhorbairt le hanailís a dhéanamh ar na córais shéimeolaíocha shoch-chultúrtha a thógann an duine gach áit a lonnaíonn sé ar chláir na talún, gach ceann acu (cultúr, teanga, litríocht, sochaí, etc.) ina líonra ilchasta, ilchineálach, dinimiciúil. Ba é an struchtúrachas a shíolraigh ó theangeolaíocht Ferdinand de Saussure an réimse oibre ba raidhsiúla a lean as an fhoirmiúlachas i dtús ama. D'aithin Even-Zohar, agus a lán eile, go raibh sé de bhua ag an struchtúrachas cur síos go mionchúiseach ar

oibríochtaí na gcóras teanga agus cultúir mar fheiniméin shioncrónacha, ach chonacthas dó go raibh an struchtúrachas róstatach mar mhodh oibre. Dar leis, níl an struchtúrachas ábalta cuntas a thabhairt ar na coinníollacha faoina bhfeidhmíonn córas tríd am ná ar iomad na gcóras ilchineálach idirspiléach dinimiciúil a bhíonn ag feidhmiú ar leithligh agus le chéile taobh istigh de gach aon chóras i rith an ama. Ilchóras é gach córas de dhóigh Even-Zohar agus is as sin a thig an téarma is mó a luaitear leis, ‘polysystem’, i.e. ‘a multiple system, a system of various systems which intersect with each other and partly overlap, using concurrently different options, yet functioning as one structured whole, whose members are interdependent’ (Even-Zohar 1990: 11). ‘Polysystem theory’ a thugtar ar an smaointeoireacht atá déanta ag Even-Zohar agus ag daoine eile agus iad ag iarraidh dul i ngleic le coincheap an ilchórais.

Sochaí ilteangach atá in ilchóras na hÉireann faoi láthair. Is dócha go raibh cúrsaí níos simplí in aimsir Athbheochan na Gaeilge: sochaí dhátteangach a bhí ann an uair sin. Bhí sraith chinsil lucht an Bhéarla suite go canónta ina ceartlár, mar atá go fóill, lena hidé-eolaíocht a chlaonann i dtreo na haonchineálachta i rith an ama. Is go drogallach a dhéanann lucht na hidé-eolaíochta ceannasaí áit don rud nach bhfuil stádas canónta aige nó a mheasann siad a bheith imeallach. Is é rud a mhaireann an chanóin faoi theannas ina coibhneas leis na gnéithe neamhchanónta thart uirthi go dtí go n-imíonn an rud neamhchanónta imeallach as nó go dtéann sé i bhfeidhm ar an chanóin láir, á saibhriú, á hathnuachan nó b’fhéidir ar uairibh á díchur. B’fhéarr leis an Bhéarla in Éirinn go n-imeodh an Ghaeilge as ach an Béarla é féin a shaibhriú as an Ghaeilge ar dtús, mar an córas nach dtugann bheith istigh sa chanóin choíche d’aon ghné de shraitheanna neamhchanónta an chultúir, an córas atá statach gan a bheith dinimiciúil, reoitear é, scáineann sé agus cailleann sé a stádas sa deireadh thiar (féach Even-Zohar 1990: 16).

Maireann gach córas ar leithligh san ilchóras faoi mórán na gcoinníollacha céanna, bídis lárnach nó imeallach, i.e. i gcoibhneas leis na córais eile san ilchóras agus faoi theannas i gcoibhneas a chéile. An córas atá imeallach, bíodh sé ag iarraidh claonadh i leith an láir mar a bhí an Ghaeilge in aimsir na hAthbheochana nó díreach ag iarraidh gan imeacht as faoi theannas a chuid coibhneas leis na córais thart air, bíonn air é féin a chur in oiriúint

don ról a bhfuil sé ag aimsiú air, é féin agus a stór cultúir a athnuachan, a fhorbairt nó a ghiniúint as an nua le fanacht ann, le fanacht faoi bhláth agus le fás. Tá an méid sin i bpáirt ag na córais ar fad, bídis ar an imeall nó i gcinsealacht: sa síorathrú atá an dóchas as an chaomhantas.

Má bhí an Ghaeilge imeallach i sochaí na hÉireann faoi aimsir na hAthbheochana, bhíodh sí lárnach canónta tráth sular tharla an tonnbriseadh agus an concas. Ó d'éirigh an Ghaeilge dinimiciúil athuair le linn don Athbheochan a bheith ag cruinniú nirt sa naoú haois déag, ba mhaith léi í féin a chur in iúl agus a lárú athuair in ilchóras cultúir na hÉireann. Leis sin a dhéanamh bhí ar lucht na Gaeilge an teanga a chur in oiriúint don ócáid. Bhí orthu stór acmhainní na teanga a chruinniú, a athnuachan agus a fhorbairt, agus acmhainní úrnua a chumadh. Is eol dúinn, mar shampla, a oiread is a bhí stór focal na Gaeilge le hathnuachan mar mhaithe le déileáil leis na dúshláin chumarsáide a tháinig in éineacht leis an Athbheochan, i.e. go mbeadh ar an teanga déileáil le réimsí saoil nár tháinig faoina réim leis na céadta bliain, cuid acu nár tháinig faoina réim riamh roimhe. Tá cuntas cuimsitheach sna leabhair *Téarmaíocht Ghaeilge na hAthbheochana* (2014) le Conchúr Mag Eacháin agus *Ár dTearmaí Féin* (2014) le Fidelma Ní Ghallchobhair ar an obair a bhí le déanamh le téarmaíocht oiriúnach a chruinniú agus a fhorbairt chuige sin.

Lena úsáid a bhíonn stór focal ann, i gcaint bheo na ndaoine nó i saothrú scríofa na teanga nó sa dá cheann. Is córas inti féin an scríbhneoireacht lena stór cleachtas agus feidhmeanna agus *genres* agus gníomhairí agus, ag an am chéanna, is gné de chóras teanga agus de chóras cultúir í chomh maith. Bhí an litríocht ar phríomhghníomhairí an chultúir dhaonna riamh anall agus ba mhaith a tuigeadh a tábhacht in aimsir na hAthbheochana, nó mar a scríobh Mac Léighinn (Eoin Mac Néill) in 1897, 'no language can hope to live now-a-days that has not a contemporary literature' agus mar a dúradh in 1898 in alt faoi Oireachtas na Gaeilge, 'no language can now exist without a literature read by the people, in order to maintain the one it is necessary to develop the other' (féach Ó Conchubhair 2009: 127). Litríocht chruthaitheach a bhí i gceist acu ach glacann sé córas bisíúil scríbhneoireachta sa chiall is leithne le litríocht chruthaitheach a tháirgeadh agus a iompar. Tá litríocht na Gaeilge frémhaithe go domhain i dtraidisiún na nGael ach faoi aimsir na hAthbheochana, ní

hamháin go raibh litríocht na Gaeilge imeallach i bhfarradh is cultúr canónta Béarla na hÉireann, bhí sí imeallach i saol na Gaeilge chomh maith. Bhí sí seanbhunaithe ach bhí casnaimh mhóra uirthi i dtéarmaí a stóir agus a réime.

Is eol dúinn an díospóid agus an teannas a bhain leis an chaibidil aimsir na hAthbheochana faoi chruthú litríocht nua sa Ghaeilge: friotal Chéitinn, caint na ndaoine, an litriú, an cló gaelach, an cló rómhánach, na foirmeacha liteartha, an scéal béaloidis, an tús pléascach, an cainteoir dúchais, an foghlaimeoir, etc. Is é a bhí ann an teannas a d'éirigh idir fórsaí nuachana agus fórsaí caomhnaitheacha le linn na hiomaíochta le canóin Ghaeilge a athbhunú, gach duine acu agus a dhearcadh féin aige ar an rud a chaithfeadh titim amach má bhí athbheochan éifeachtach le cur i gcrích, agus gach duine acu ag féachaint lena ionad féin sa chóras a dhaingniú ag an am chéanna, ar ndóigh. Ní scéal aduain eisceachtúil é sin ach achoimre ar ghnáthoibriú na gcóras daonna: an teannas idir gnéithe canónta agus gnéithe neamhchanónta, idir an lár agus an t-imeall, tráth a bhí idir lár agus imeall, canóin agus eile, le haimsiú agus le suí as an nua má bhí córas na Gaeilge le teacht slán. Bíonn an t-aistriúchán lárnach sa teacht agus imeacht sin ar fad idir chórais. Tá sé ar na bealaí atá ag córas lena stór acmhainní a athnuachan ar an ghnáthshlí. Tá cuntas éachtach ag Michael Cronin ina leabhar *Translating Ireland: Translation, Languages, Cultures* (1996) ar chás na hÉireann agus ar thábhacht an aistriúcháin in idirghníomhaíocht na gcóras cultúir sa tír seo in imeacht na mblianta.

Ba sa chomhthéacs sin a cuireadh gúm nó scéim ar bun i 1926 faoi choimirce Roinn an Oideachais 'chun cabhruithe le foilsíú leabhar i nGaedhilg'. Is é a deirtear faoin tionscadal i dtuarascáil na Roinne an bhliain sin: 'Baineann an Gúm go speisialta le leabhra a meastar a bheith oiriúnach mar théacs-leabhra ins na Meadhon-Sgoileanna. Taobh amuich dhíobh san, ámhthach, d'fhéadfaí glacadh le leabhra eile chun foillsithe a measfí tairbhe fá leith do bheith ionnta do lucht foghluma na Gaedhilge' (An Roinn Oideachais 1926: 115). D'fhéadfaí a rá gur mar théacsleabhar a measadh gach leabhar Gaeilge ag an am ós ar fhoghlaimeoirí na Gaeilge ba mhó a bhíothas ag díriú. B'fhoghlaimeoir gach duine an tráth sin, bíodh an teanga ó dhúchas aige nó bíodh sé á foghlaim sa chraobh áitiúil de Chonradh na Gaeilge. Bhí sé tuigthe faoin am sin gur ag brath ar an aistriúchán a bheidís cuid

mhaith le lón léitheoireachta a thabhairt do dhaoine agus le scríbhneoirí a oiliúint ar cheird na scríbhneoireachta, dhá rud a bhí de dhíobháil go géar má bhí an athnuachan bhunúsach le déanamh. Deir Even-Zohar in alt tábhachtach leis dar teideal ‘The Position of Translated Literature within the Literary Polysystem’ a foilsíodh den chéad uair i 1978 (is don alt seo a thug Mac Niocláis suntas):

when new literary models are emerging, translation is likely to become one of the means of elaborating the new repertoire. Through the foreign works, features ... are introduced into the home literature which did not exist there before. These include possibly not only new models of reality to replace the old and established ones that are no longer effective, but a whole range of other features as well, such as a new (poetic) language, or compositional patterns and techniques. It is clear that the very principles of selecting the works to be translated are determined by the situation governing the (home) polysystem: the texts are chosen according to their compatibility with the new approaches and the supposedly innovatory role they may assume within the target literature.

What then are the conditions which give rise to a situation of this kind? It seems to me that three major cases can be discerned ... : (a) when a polysystem has not yet been crystallized, that is to say, when a literature is ‘young’, in the process of being established; (b) when a literature is either ‘peripheral’ (within a large group of correlated literatures) or ‘weak’, or both; and (c) when there are turning points, crises, or literary vacuums in a literature.

In the first case translated literature simply fulfills the need of a younger literature to put into use its newly founded (or renovated) tongue for as many literary types as possible in order to make it serviceable as a literary language and useful for its emerging public. Since a young literature cannot immediately create texts in all types known to its producers, it benefits from the experience of other literatures, and translated literature becomes in this way one of its most important systems. The same holds true for the second instance, that of relatively established literatures whose resources are limited and whose position within a larger literary hierarchy is generally peripheral. As a consequence of this situation, such literatures often do not develop the same full range of literary activities ... observable in adjacent larger literatures .... They may also ‘lack’ a repertoire which is felt to be badly needed vis-à-vis, and in terms of the presence of, that adjacent literature. This lack may then be filled, wholly or partly, by



translated literature. ... But far more important is the consequence that the ability of such 'weak' literatures to initiate innovations is often less than that of the larger and central literatures, with the result that a relation of dependency may be established not only in peripheral systems, but in the very center of these 'weak' literatures. ...

Since peripheral literatures in the Western Hemisphere tend more often than not to be identical with the literatures of smaller nations, as unpalatable as this idea may seem to us, we have no choice but to admit that within a group of relatable national literatures, such as the literatures of Europe, hierarchical relations have been established since the very beginnings of these literatures. ... some literatures have taken peripheral positions, which is only to say that they were often modelled to a large extent upon an exterior literature. For such literatures, translated literature is not only a major channel through which fashionable repertoire is brought home, but also a source of reshuffling and supplying alternatives. Thus, whereas richer or stronger literatures may have the option to adopt novelties from some periphery within their indigenous borders, 'weak' literatures in such situations often depend on import alone (Even-Zohar 1990: 47-48).

Sásaíonn an Ghaeilge aimsir na hAthbheochana na trí chás sin ag Even-Zohar. Bíodh is go raibh litríocht na Gaeilge sean-seanbhunaithe, d'fhág an turnamh fada lag imeallach óg í agus i ngéarchor. Cheal na n-acmhainní athnuachana a bheadh ag teanga agus ag litríocht a bhí láidir, bhí an Ghaeilge agus litríocht na Gaeilge taobh leis an aistriúchán lena stór a athnuachan.

Tá traidisiún fada aistriúcháin sa Ghaeilge, mar is léir ó leabhar Michael Cronin (1996) nó ó chuntas ar bith ar stair na litríochta Gaeilge, ach san áit a mbí ag aistriú go muiníneach sa sean-am mar fhorlíonadh ar stór liteartha na teanga, nuair a bunaíodh an Gúm bhíothas ag aistriú mar gurbh ar éigean a bhí gné ar bith de scríbhneoireacht na Gaeilge bisiúil agus in ann ag an dúshlán a ghabh leis an Athbheochan, nó b'fhéidir gur chirt a rá nach raibh go leor gnéithe de scríbhneoireacht na Gaeilge bisiúil go leor leis an obair a dhéanamh gasta go leor. Sa lá atá inniu ann féin, agus litríocht na Gaeilge chomh rábach agus a bhí sí le fada an lá mar chóras cultúir, is ar éigean a bheadh litríocht againn murach teagmháil na Gaeilge le córais litríochta eile thart orainn agus murach aistriú na bhfoirmeacha agus na nósmaireachtaí litríochta isteach sa Ghaeilge ó

na córais eile sin. Is ar éigean atá sé d'acmhainn ag an Ghaeilge í féin a athnuachan aisti féin, ach ar a laghad ar bith tá sí breá ábalta í féin a bheathú leis an athnuachan a aistrítear isteach.

Tarlaíonn an t-aistriú isteach sin i rith an ama san idirphlé idir chórais éagsúla litríochta, áit a mbíonn scríbhneoirí ag bualadh le chéile, ag léamh shaothar a chéile, ag spreagadh a chéile agus ag déanamh aithrise ar a chéile. B'ionann scéim aistriúcháin an Ghúim a bheith ar bun ag an stát nua sna fichidí agus sna tríochaidí agus a aithint, áfach, go raibh córas litríochta na Gaeilge rólag le feidhmiú gan chuidiú. Agus lena chois sin, b'ionann é agus a shocrú go roghnófaí cineálacha áirithe litríochta mar phatrúin agus mar eiseamláirí do litríocht nua na Gaeilge: 'the texts are chosen according to their compatibility with the new approaches and the supposedly innovatory role they may assume within the target literature', a deir Even-Zohar (1990: 47). Bhí, agus tá, dabht ar dhaoine nach ndearnadh sin ar bhealach a rinne biseach do litríocht na Gaeilge. Níor mhiste dúinn an rogha a rinneadh agus impleachtaí na rogha sin a iniúchadh go grinn i dtéarmaí teanga agus i dtéarmaí litríochta, agus anailís a dhéanamh ar úsáid na teanga, ar chineálacha agus ar stíleanna na scríbhneoireachta, ar an tséimeantaic, ar an chomhréir, ar an aeistéitic, ar fhealsúnacht an aistriúcháin, etc. mar ghnéithe d'fhorbairt na scríbhneoireachta a tháinig chun cinn ó shin i leith.

D'aithin Mac Niocláis go bhfeidhmeodh saothar Even-Zohar mar fhócas amháin a chruinneodh le chéile snáithe éagsúla de scéal an Ghúim agus a chuirfeadh tionscadal mór aistriúcháin an Ghúim i bhfócas mar fheiniméan nádúrtha i dteangacha agus i gcultúir ar fud an domhain, mar fheiniméan uilechoiteann seachas mar eachtra bheag aisteach Ghaelach nach dtarlódh aon áit ach in Éirinn iathghlas. Cuireann sé ar ár súile dúinn nár neacha eisceachtúla na daoine a shaothraigh an gort na blianta sin ó shin, nach raibh a dhath eisceachtúil ag baint leis na díospóidí faoi shaothrú na scríbhneoireachta agus faoi na foirmeacha liteartha ba dhual agus ab oiriúnaí don Ghaeilge. Bhí siad uilig, idir dhaoine agus dhíospóidí, ag teacht le patrúin atá le haithint ar fud an domhain. Agus chuirfeadh fócas Even-Zohar ar ár gcumas anailís a dhéanamh ar oibriú gnéithe agus earnálacha de chóras litríochta na Gaeilge san am i láthair fosta. Tá a shaothar in úsáid go forleathan i réimsí éagsúla léinn: ag daoine a

scríobhann faoin litríocht do pháistí, in anailís an iarchoilíneachais agus i léann an aistriúcháin, mar shampla, gan ach beagán acu a lua (e.g. Shavit 1981, Lambert 1995, Kruger 2012, Morin 2014). Tá sé beagnach caoga bliain ó thosaigh Even-Zohar a fhorbairt a chuid smaointeoireachta (féach Ben-Ari 2013), agus beagnach tríocha bliain ó tharraing Mac Niocláis ár n-aird uirthi, ach má táimid cineál mall ag an tábla anois, b'fhéidir nach bhfuil sa mhoill sin ach an rud is cor do na teangacha imeallacha laga.

Ba mhaith liom díriú tamall ar cheist an aistriúcháin féin. Má táimid le dul amach ar shaothar aistriúcháin an Ghúim ar bhealach a chuireann lenár dtuiscint ar fheiniméan an aistriúcháin seachas ar pholaitíocht na linne nó ar bhainistíocht an chaidrimh idirphearsanta sa státseirbhís in imeacht na mblianta, is mithid dúinn an t-aistriúchán féin mar chleachtas, mar bhrainte den scríbhneoireacht agus mar bhrainte den léann a chur i gceartlár na caibidle.

Is gnách an t-aistriúchán a aithint faoi thrí ghné: (i) is próiseas é, (ii) is tairge é, agus (iii) is earnáil chultúir é dála gach gné den scríbhneoireacht nó den litríocht. Trí ghné gan deighilt i bhfeiniméan trípháirteach amháin, agus cuimsítear iontu uilig an teoir agus an phraictic a chomhdhéanann an feiniméan: bealaí lena dhéanamh, bealaí le smaoinreamh air, an tuairim nó an prionsabal lena dtéann an t-aistritheoir i mbun oibre, an machnamh a dhéanann sé le linn na hoibre, an tuairim nó an prionsabal a fhorbraítear de thoradh na hoibre agus an saothar feidhmeach a fhágtar ag an deireadh. Deir Eugene A. Nida, duine de na smaointeoirí móra i saol an aistriúcháin san Iarthar:

In order to analyze and to direct such an activity, a number of specialists in translating have elaborated numerous theories: linguistic, sociolinguistic, communicative, free, literal, hermeneutic, semiotic, relevant, skopos, Marxist, transformational, and even gender – to mention only a few. But what seems even more strange is that for the most part the best professional translators and interpreters have little or no use for the various theories of translation. They regard them as largely a waste of time, especially since most professional translators regularly and consistently violate so many rules laid down by theorists (Nida 2000: 1).

D'fhéadfaí a rá ag an am chéanna nach bhfuil a leithéid de rud agus teoiric aistriúcháin ann mar gur teoiricí iad sin uilig a bhaineann le ceisteanna teanga agus cultúir agus leis an dóigh a gcódaítear brí i gcórais shéimeolaíocha. Níl éalú ó na ceisteanna teanga agus cultúir san aistriúchán agus, ach oiread le gné ar bith eile den saol, níl éalú ag an aistriúchán ón teoiric.

Is minic a chuireann lucht na Gaeilge cron sa teoiric ach níor mhiste dúinn a mheabhrú go bhfuil an tuiscint ar an teoiric agus ar an phraitic fréamhaithe go domhain i dtraidisiún na nGael. Bhí na focail 'teoir' agus 'praitic', agus 'teoiriceacht' agus 'praiticeacht' sa Ghaeilge i bhfad sula raibh a macasamhail sa Bhéarla, má thuigim na foclóirí i gceart. Is é an áit a bhfuil an deacracht, creidim, go síleann daoine gur rud í teoiric a bhíonn le cur i bhfeidhm ar bhealach éigin. Ina áit sin, ba chóra teoiricí a thuiscint mar shlite le dearcadh ar na rudaí a chastar dúinn, mar uirlisí a leathnaíonn ár dtuiscint ar oibriú an chultúir, na teanga, na litríochta, etc. Cuidíonn siad linn dul amach ar ár dtaithe féin agus na tuiscintí atá lonnaithe inár gcultúr a phromhadh. Tá promhadh aigéid na dteoiricí féin le fáil sa mhéid go gcuireann siad ar ár gcumas ár dtaithe a thabhairt faoi réir na tuisceana, nó sin sa mhéid go dteipeann orthu sin a dhéanamh. San 'Introduction' a chuir siad leis an leabhar *Translation: Theory and Practice in Dialogue*, deir Antoinette Fawcett agus Karla L. Guadarrama García, 'Translation is theory and practice in dialogue' (2010: 7). Le fírinne, ní gá teorainn a chur leis: 'life is theory and practice in dialogue'.

A bhfuil le rá faoin aistriúchán, d'fhéadfaí a rá go bhfuil sé cuimsithe sa sliocht seo a scríobh Juan Daniel Pérez Vallejo agus a d'aimsigh mé ar shuíomh gréasáin:

Basically there are two competing theories of translation. In one, the predominant purpose is to express as exactly as possible the full force and meaning of every word and turn of phrase in the original, and in the other the predominant purpose is to produce a result that does not read like a translation at all, but rather moves in its new dress with the same ease as in its native rendering (Pérez Vallejo 2005).

Thug Máirtín Mac Niocláis (1991), Gearóidín Uí Laighléis (2003), Tracey Ní Mhaonaigh (2002), Micheál Ó Cearúil (1999), Michael Cronin (1996), etc. suntas roimhe seo don tionchar a bhí ag teoiricí teanga agus aistriúcháin an Athar Peadar Ua Laoghaire ar scríbhneoirí agus ar aistritheoirí na Gaeilge; leoga, tá an tAthair Peadar i gceartlár na dtreoracha a thugann an Gúm d'aistritheoirí i gcoinaí (An Gúm 2006). Is é an dara cur chuige acu sin thuas a mholann an tAthair Peadar, 'to produce a result that does not read like a translation at all'. Deir sé in alt leis a foilsíodh den chéad uair in 1899:

when translating English into Irish, we must ignore the figurative expressions and merely express correctly in Irish the *sense* which the figurative expressions convey. ... The translator must first find out the *sense* of what he wishes to translate. Then he must turn his back completely upon the English *words*, think the thoughts out as they might be thought out in Irish, and then express the thoughts in Irish exactly as he would express them if they were his own thoughts and he knew no language but Irish (Ua Laoghaire 1929: 90, 91).

Lena chois sin, a deir sé:

Read over the English matter carefully. Take all the ideas into your mind. Squeeze the ideas clean from all English *froth*. Be sure that you allow none of that oozy stuff to remain. English is full of it. You must also get rid of everything in the shape of metaphor. Take instead of it the true idea which the metaphor is intended to convey. When you have the ideas cleared completely of foreign matter, put them into the Irish side of your mind, and shape them in the Irish language, just as you would if they had been your own ideas from the start (Ua Laoghaire 1929: 92).

Is suntasach an dímhéas a léiríonn an tAthair Peadar ar an Bhéarla ina chuid scríbhinní, rud a bhí ag teacht le meon daoine i ré sin na réabhlóidí, is dócha. Thug Michael Cronin suntas fosta do thionchar na coibhneasachta teanga ar an smaointeoireacht sin, an dearcadh a shíolraigh ó Humbolt, fealsamh agus teangeolaí Prúiseach, nach amháin go gcuireann teanga spiorad agus aigne lucht a labhartha in iúl ach go múnlaíonn sí a n-aigne chomh maith. Bhí an tuairim sin ina inspreagadh mór ag lucht na hAthbheochana (Cronin 1996: 146-50). Mhair sí go ceann i

bhfad eile mar thuairim, i measc lucht Gaeilge agus lucht teangeolaíochta araon (féach Casasanto 2016).

Tá stair fhada ag tuairimí an Athar Peadar faoin aistriúchán. Ní fios cé chomh fada siar a théann siad ach tá siad rianaithe siar go dtí na Rómhánaigh ag lucht scríofa na dtéacsleabhar do léann an aistriúcháin (féach Munday 2016: 30-32), chuig Marcus Tullius Cicero, mar shampla, a thug cuntas ar ar chuir sé roimhe a dhéanamh nuair a d'aistrigh sé óráidí de chuid Æschines and Demosthenes ó Ghréigis go Laidin (féach Robinson 2014: 6-12). Is dócha gurb é Iaróm – Eusebius Sophronius Hieronymus nó Cirine mar ab fhearr aithne air i dtraidisiún na nGael – an t-aistritheoir is iomráití atá againn i dtraidisiún an Iarthair, go háirithe ón uair nach bhfuil a fhios againn ainm an seachtó fear friotail a d'aistrigh an Bíobla Eabhraise go Gréigis agus ón uair a bhain an t-aistriúchán Laidine a rinne Iaróm sa cheathrú haois stádas na Vulgáide amach faoin tríú haois déag. Lean Iaróm eiseamláir Chicearó ina chuid aistriúchán. Deir sé (i bhfocail an aistritheora):

For I myself not only admit but freely proclaim that in translating from the Greek (except in the case of the holy scriptures where even the order of the words is a mystery) I render sense for sense and not word for word. For this course I have the authority of Tully [Marcus Tullius Cicero] who has so translated the Protagoras of Plato, the Economicus of Xenophon, and the two beautiful orations which Æschines and Demosthenes delivered one against the other. What omissions, additions, and alterations he has made substituting the idioms of his own for those of another tongue, this is not the time to say. I am satisfied to quote the authority of the translator who has spoken as follows in a prologue prefixed to the orations. 'I have thought it right to embrace a labour which though not necessary for myself will prove useful to those who study. I have translated the noblest speeches of the two most eloquent of the Attic orators, the speeches which Æschines and Demosthenes delivered one against the other; but I have rendered them not as a translator but as an orator, keeping the sense but altering the form by adapting both the metaphors and the words to suit our own idiom. I have not deemed it necessary to render word for word but I have reproduced the general style and emphasis. I have not supposed myself bound to pay the words out one by one to the reader but only to give him an equivalent in value.' Again at the close of his task he says, 'I shall be well satisfied if my rendering is found, as I trust it will be, true to this

standard. In making it I have utilized all the excellences of the originals, I mean the sentiments, the forms of expression and the arrangement of the topics, while I have followed the actual wording only so far as I could do so without offending our notions of taste. If all that I have written is not to be found in the Greek, I have at any rate striven to make it correspond with it' (Iaróm [395], 2010: §5).

Is é a chuir Ciccaró agus Iaróm agus an tAthair Peadar rompu, mar sin, a bheith ag aistriú 'non verbum e verbo, sed sensum exprimere de sensu' mar a deir Iaróm, i.e. ciall ar chiall seachas focal ar fhocal. Bhí siad ag iarraidh aistriúchán a dhéanamh a thuigfeadh daoine mar a thuigfidís saothar a scríobhfaí ina dteanga féin. Níorbh é a n-aidhm aistriúchán a sholáthar a bheadh ina ghluais de shórt éigin a thabharfadh léargas ar oibriú na bunteanga ach aistriúchán a d'fhéadfaí a léamh neamhspleách ar fad ar an bhunteanga. Ba thábhachtaí leo éirim na cainte ná a foirm. Ba thábhachtaí leo éilimh na sprioctheanga a shásamh ná dílseacht don bhunteanga mar nach do lucht na bunteanga an t-aistriúchán.

Bhí sé intuigthe, dar liom, go mbeadh a leithéid sin de chur chuige ag cuid aistritheoirí an Ghúim i dtríochaidí na haoise seo caite ó bhí sé mar aidhm ag an scéim aistriúcháin úd taithí na litríochta a thabhairt do lucht na Gaeilge: cleachtadh ar ionramháil na teanga don ábhar scríbhneoirí agus lón léitheoireachta don ábhar léitheoirí. Leabhair Bhéarla ba mhó a bhí á n-aistriú agus ní raibh na léitheoirí ag brath ar aistriúcháin Ghaeilge le léargas a fháil ar litríocht an Bhéarla. Ar an Ghaeilge a bhí an bhéim. Más amhlaidh nuair a d'aistrigh Seán Ó Ruadháin *David Copperfield* le Charles Dickens nár thug sé léargas cruinn ina aistriúchán ar shainchomharthaí teanga na n-aicmí éagsúla daoine i mbunsaothar Dickens (Ní Mhaonaigh 2002: 121), níorbh é sin a chuir sé roimhe a dhéanamh ach scéal a insint i nGaeilge ar son lucht léite na Gaeilge. Ba é an dála chéanna é ag Niall Johnny Shéamaisín Ó Domhnaill ar gaire a shaothar aistriúcháin do stíl scríbhneoireachta a dhuine mhuinteartha, Séamas Ó Grianna, ná do Bhéarla Standish James O'Grady in *Lost on Du-Corrig, or, 'Twixt earth and ocean* (1894) a foilsíodh mar *Eadar Muir is Tír* i 1935. Le feidhmiú i gcóras litríochta na nua-Ghaeilge a rinneadh na haistriúcháin sin, ar deighilt go hiomlán óna máthairchóras Béarla. Má bhíothas ag cur rompu coibhéseacht dhinimiciúil ('dynamic equivalence')

*à la* Nida a bhaint amach sa mhéid go raibh sé mar sprioc acu friotal nádúrtha Gaeilge a sholáthar ina gcuid oibre, ní rabhtas ag cur rompu prionsabal na comhéifeachta a bhaint amach mar a chuir Nida roimh a chuid aistritheoirí siúd agus iad i mbun an Bíobla a aistriú (Nida 1964). Ní rabhtas buartha faoin saothar aistrithe a bheith ag dul i bhfeidhm ar na léitheoirí ar an dóigh a ndeachaigh an bunsaothar i bhfeidhm ar lucht a léite ina chóras dílis teanga agus litríochta féin. Níorbh é sin ba sprioc riamh do scéim aistriúcháin an Ghúim mar a thuigimse í.

